2025/1280

27.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1280 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an tréimhse ama chun iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a thíolacadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 122, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir leis na teorainneacha ama chun iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a thíolacadh. Go háirithe, leagtar amach in Airteagal 3(4) den Rialachán Tarmligthe sin an tréimhse ama chun iarrataí ar leasú a thíolacadh, arb iarrataí iad a bhaineann le haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 17(5), Airteagal 88(7) agus Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2115. Tá na hiarrataí sin le tíolacadh ag na Ballstáit idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Bealtaine 2025.

(2) I gcomhthéacs reatha na héagobhsaíochta leanúnaí in earnáil na talmhaíochta ar fud an Aontais, tá deacrachtaí ag roinnt Ballstát cinneadh a dhéanamh cheana féin go luath in 2025 maidir leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcinntí aistrithe a rinneadh in 2022 de bhun Airteagal 17(5), Airteagal 88(6) agus Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2115. Dá bhrí sin, meastar gur gá níos mó ama a thabhairt do na Ballstáit na haistrithe sin a phleanáil agus, dá bhrí sin, sprioc-am an 31 Bealtaine 2025 a chur siar go dtí an 31 Lúnasa 2025.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 a leasú dá réir sin,

(4) Ós rud é go bhfuil an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 ag druidim lena deireadh agus go bhfuil sí le dul in éag an 31 Bealtaine 2025, tá sé ríthábhachtach an tréimhse ama nua a bhunú chun iarrataí ar leasú a thíolacadh a luaithe is féidir ionas go bhféadfaidh na Ballstáit pleanáil agus breithniú iomchuí a dhéanamh. Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(5) Ós rud é go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse ama chun iarrataí ar leasú a thíolacadh an 31 Bealtaine 2025, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Meitheamh 2025 chun bearna dhlíthiúil a sheachaint idir an tréimhse reatha agus an tréimhse leasaithe chun iad a thíolacadh,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta, teorainneacha ama maidir le hiarrataí ó na Ballstáit ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a thíolacadh, agus cásanna eile nach bhfuil feidhm ag an líon uasta leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT maidir leo (IO L 51, 20.2.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/370/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Iarrataí ar leasú a bhaineann le haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 17(5), Airteagal 88(7) agus Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2115, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Lúnasa 2025.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN